AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 7.5.2025
C(2025) 2687 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 7.5.2025**

**lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/930 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le táillí a bhaineann leis an maoirseacht a dhéanann an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí ar sholáthraithe teilitéipe comhdhlúite**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

### 1.1. Cúlra dlíthiúil

I gcomhréir le hAirteagal 38n(1) de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] (an Rialachán maidir le Margaí in Ionstraimí Airgeadais nó 'MiFIR'), gearrann an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí ('ESMA') táillí ar sholáthraithe seirbhísí tuairiscithe sonraí agus tá na táillí sin le caiteachas riachtanach ESMA a bhaineann le húdarú agus maoirseacht sholáthraithe seirbhísí tuairiscithe sonraí a chumhdach ina iomláine. Soiléirítear a thuilleadh in Airteagal 38n(2) de MiFIR gur cheart, le méid táille aonair a ghearrtar ar sholáthraí seirbhísí tuairiscithe sonraí, gur cheart na costais riaracháin uile arna dtabhú ag ESMA le haghaidh na ngníomhaíochtaí údaraithe agus maoirseachta a bhaineann leis an soláthraí sin a chumhdach agus gur cheart é a bheith comhréireach le láimhdeachas an tsoláthraí sin.

Le hAirteagal 38n(3) de MiFIR, tarmligtear chuig an gCoimisiún an chumhacht chun gníomh tarmligthe a ghlacadh chun cineál na dtáillí, na nithe a bhfuil táillí iníoctha ina leith, méid na dtáillí agus an tslí a n-íocfar iad a shonrú.

An 10 Márta 2022, ghlac an Coimisiún Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/930[2] ar bhonn Airteagal 38n(3) de MiFIR. Leagtar amach ann na táillí ar mhaoirseacht ESMA ar dhá sholáthraí seirbhísí tuairiscithe sonraí shonracha, is é sin socruithe formheasta maidir le foilsiú agus sásraí tuairiscithe formheasta. Fágadh soláthraithe teilitéipe comhdhlúite ('CTPanna'), ar soláthraithe seirbhísí tuairiscithe sonraí iad freisin, as raon feidhme an Rialacháin Tharmligthe d'aon ghnó. Tharla sé sin mar gheall ar an easpa eintiteas a bhí ag soláthar seirbhísí teilitéipe comhdhlúite san Aontas agus toisc go raibh an t-athbhreithniú ar na rialacha lena rialaítear CTPanna faoi MiFIR fós ar siúl an tráth sin.

An 25 Samhain 2021, chuir an Coimisiún togra ar aghaidh chun MiFIR a leasú[3]. Tháinig Rialachán (AE) 2024/791 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4] ('athchóiriú MiFIR') i bhfeidhm an 28 Márta 2024. Le hathchóiriú MiFIR, cuireadh deireadh leis na bacainní a bhí ar theacht chun cinn CTPanna san Aontas agus leagadh síos amlíne le haghaidh ESMA chun CTP le haghaidh bannaí, CTP le haghaidh cothromais (scaireanna agus cistí arna dtrádáil ar an malartán) agus CTP le haghaidh díorthaigh thar an gcuntar a roghnú agus a údarú. Déantar seoladh na dtrí theilitéip chomhdhlúite a sheicheamhú mar a leanas:

– An teilitéip chomhdhlúite le haghaidh bannaí: cuireadh tús leis an nós imeachta roghnúcháin an 3 Eanáir 2025;

---

1 Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 173, 12.6.2014, lch. 84).

2 Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/930 ón gCoimisiún an 10 Márta 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí tháillí a bhaineann le maoirseacht ag an Údarás Eorpach um Margaí Urrús ar sholáthraithe seirbhísí tuairiscithe sonraí (IO L 162, 17.6.2022, lch. 1).

3 https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:52021PC0727

4 Rialachán (AE) 2024/791 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Feabhra 2024 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 a mhéid a bhaineann le trédhearcacht sonraí a fheabhsú, le deireadh a chur le bacainní atá ar theacht chun cinn teilitéipeanna comhdhlúite, na ceanglais trádála a bharrfheabhsú agus toirmeasc a chur ar íocaíocht a fháil i leith sreabhadh orduithe (IO L, 2024/791, 8.3.2024). ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/791/oj.

– An teilitéip chomhdhlúite le haghaidh cothromais: cuirfear tús leis an bpróiseas roghnúcháin i mí an Mheithimh 2025;

– An teilitéip chomhdhlúite le haghaidh díorthaigh thar an gcuntar: cuirfear tús leis an bpróiseas roghnúcháin sa chéad ráithe de 2026.

I bhfianaise phróiseas údaraithe CTP atá ar na bacáin, is gá Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/930 ón gCoimisiún a leasú chun a áirithiú go gcumhdófar leis gach soláthraí seirbhísí tuairiscithe sonraí atá faoi réir mhaoirseacht ESMA, lena n-áirítear CTPanna.

1.2. Cuspóirí an Ghnímh Tharmligthe

Leis an nGníomh Tarmligthe seo, tugtar isteach táille údaraithe aonuaire sheasta EUR 100 000 in aghaidh an CTP. Tá méid na táille údaraithe aonuaire le haghaidh CTPanna níos airde i gcomparáid le méid na táille údaraithe aonuaire le haghaidh socruithe formheasta maidir le foilsiú agus sásraí tuairiscithe formheasta, i bhfianaise chastacht an phróisis údaraithe le haghaidh CTPanna. Íslítear an táille sin go EUR 50 000 i gcás ina ndéanann CTP atá údaraithe cheana iarratas ar údarú chun seirbhísí socraithe formheasta maidir le foilsiú, seirbhísí sásra tuairiscithe formheasta nó seirbhísí CTP a sholáthar le haghaidh aicme sócmhainní eile.

Tar éis do CTPanna údarú a fháil, ceanglaítear orthu táille mhaoirseachta bhliantúil a íoc le ESMA. Soiléirítear leis an nGníomh Tarmligthe seo, go ginearálta, go bhfuil feidhm ag an modheolaíocht chéanna a úsáidtear faoi láthair, chun táillí maoirseachta bliantúla a ríomh le haghaidh socruithe formheasta maidir le foilsiú agus sásraí tuairiscithe formheasta, maidir le táillí maoirseachta bliantúla a ríomh le haghaidh CTPanna freisin. Agus méid iarbhír na dtáillí maoirseachta bliantúla á ríomh, déanfaidh ESMA faireachán ar ioncam CTPanna ar bhonn leanúnach chun cur chuige comhréireach a áirithiú nach gcuirfidh a n-inmharthanacht ghnó i mbaol agus atá i gcomhréir, i bprionsabal, le prionsabal na haisghabhála costais iomláin.

Mar riail, ríomhtar an táille mhaoirseachta bhliantúil aonair le haghaidh soláthraí seirbhísí tuairiscithe sonraí ar leith i mbliain áirithe (n) trína láimhdeachas is infheidhme a chur san áireamh. Ríomhtar an láimhdeachas is infheidhme ar bhonn ioncam an tsoláthraí seirbhísí tuairiscithe sonraí ó chroíseirbhísí agus, i gcás inarb ábhartha, ó sheirbhísí coimhdeacha, mar a thaifeadtar sna cuntais iniúchta le haghaidh na bliana (n-2). Ós rud é nach mbeidh na sonraí láimhdeachais is infheidhme ar fáil ag CTPanna a bheidh ag oibriú den chéad uair maidir leis an gcéad 2 bhliain oibríochta, tugtar isteach leis an nGníomh Tarmligthe seo córas speisialta le haghaidh na tréimhse sin. Faoin gcóras speisialta, beidh feidhm ag táille mhaoirseachta bhliantúil sheasta EUR 400 000.

Féachtar leis an nGníomh Tarmligthe seo comhsheasmhacht a áirithiú, a mhéid is féidir, idir Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/930 ón gCoimisiún agus gníomhartha tarmligthe eile lena rialaítear táillí maoirseachta d’eintitis eile atá faoi réir mhaoirseacht ESMA.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

An 18 Meitheamh 2020, d’iarr an Coimisiún comhairle theicniúil ar ESMA. Rinne ESMA comhairliúchán poiblí le páirtithe leasmhara a bhí ar siúl ón 20 Samhain 2020 go dtí an 4 Eanáir 2021. An 23 Márta 2021, chuir ESMA a chomhairle theicniúil faoi bhráid an Choimisiúin[5].

[5] ESMA, *Final report, Technical advice on ESMA’s fees to DRSP* [Tuarascáil chríochnaitheach, Comhairle theicniúil maidir le táillí ESMA do sholáthraí seirbhísí tuairiscithe sonraí], an 23 Márta 2021, ESMA74-362-1830: esma74-362-1830_final_report_on_drsp_fees.pdf.

Áiríodh ar chomhairle theicniúil ESMA comhairle maidir le húdarú agus táillí maoirseachta bliantúla le haghaidh CTPanna. Ina dhiaidh sin, sheol ESMA togra athbhreithnithe chuig an gCoimisiún le haghaidh na táille údaraithe EUR 100 000. Ós rud é nach bhfuil na sonraí láimhdeachais is infheidhme ar fáil le haghaidh CTPanna i gcás na chéad bhlianta oibríochta, mheas ESMA freisin gurbh iomchuí an táille mhaoirseachta bhliantúil a shocrú ag EUR 400 000 le haghaidh na tréimhse sin.

An 13 Feabhra 2025, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le Sainghrúpa an Choiste Eorpaigh um Urrúis maidir le hábhar an dréacht-Rialachán Tharmligthe[6]. Ní bhfuarthas aon bharúil.

Foilsíodh an dréacht-Rialachán Tarmligthe ar an tairseach um Rialáil Níos Fearr ar feadh tréimhse aiseolais 4 seachtaine ón 10 Feabhra go dtí an 10 Márta, i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos sa Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Fuarthas ceithre bharúil.

Chuir freagróir amháin (tairgeoir le haghaidh theilitéip chomhdhlúite bhannaí an Aontais) in iúl go dtacaíonn sé leis na leasuithe atá beartaithe, go háirithe le haghaidh shamhail na táille seasta do bhlianta tosaigh oibríochta na soláthraithe teilitéipe, ach, an tráth céanna, leag sé béim ar a thábhachtaí atá sé iontaofacht, intuarthacht agus trédhearcacht an chostais maoirseachta a áirithiú thar an tréimhse 5 bliana dá roghnaítear an soláthraí teilitéipe, d’fhonn inmharthanacht agus iomaíochas na teilitéipe comhdhlúite a áirithiú ar feadh na tréimhse iomláine. Mheas tairgeoir eile go raibh sé tábhachtach an costas maoirseachta a choinneáil ar íosleibhéal, ionas go mbeifí in ann seirbhísí a thairiscint ar an gcostas is ísle is féidir, ar mhaithe le húsáideoirí ionchasacha na teilitéipe. Baineann an dá bharúil den chuid is mó le buiséad ESMA amach anseo a chinneadh maidir le maoirseacht a dhéanamh ar CTPanna, rud atá lasmuigh de raon feidhme an Ghnímh Tharmligthe seo.

Chuir freagróir eile imní in iúl maidir leis an leibhéal ard táillí a ghearrtar faoi láthair ar shocruithe formheasta maidir le foilsiú agus ar shásraí tuairiscithe formheasta, agus d’iarr sé go ndéanfaí athbhreithniú ar leithdháileadh buiséid ESMA ionas nach gcuirfear san áireamh ach costais dhíreacha na maoirseachta arna déanamh ar shocruithe formheasta maidir le foilsiú agus ar shásraí tuairiscithe formheasta. Maidir leis an bhfreagróir céanna:

- d’iarr sé go scriosfaí Airteagal 1a den Ghníomh Tarmligthe, ar ar a bhonn ba cheart na táillí a ghearrann ESMA ar sholáthraithe seirbhísí tuairiscithe sonraí an costas iomlán arna thabhú ag údaráis inniúla náisiúnta a chumhdach freisin i gcás ina gcuireann siad i gcrích cúraimí arna dtarmligean chucu ag ESMA;
- chuir sé in iúl gur cúis imní dó go bhféadfadh CTP seirbhísí tuairiscithe sonraí eile a chur i gcrích, agus dá bhrí sin d’iarr sé go ndéanfaí athbhreithniú ar Airteagal 2(c) maidir leis na táillí údaraithe i gcás údarú ina dhiaidh sin le haghaidh seirbhísí breise tuairiscithe sonraí;
- ba dhíol sásaimh dó go ndéanfar na táillí maoirseachta a ríomh ar leithligh le haghaidh socruithe formheasta maidir le foilsiú/sásraí tuairiscithe formheasta (Airteagal 3 den Ghníomh Tarmligthe) agus le haghaidh CTPanna (Airteagal 3a den Ghníomh Tarmligthe) ach d’iarr sé go leasófar Airteagal 4 den Ghníomh Tarmligthe chun ríomh ar leithligh an láimhdeachais is infheidhme a áireamh.

Tá an chéad dá bharúil nasctha le forálacha leibhéal 1 agus, dá réir sin, tá siad lasmuigh de shainchúram an Ghnímh Tharmligthe seo. Maidir leis an láimhdeachas is infheidhme le haghaidh socruithe formheasta maidir le foilsiú/sásraí tuairiscithe formheasta agus le

[6] Cuireadh an leagan roimhe seo den dréacht-rialachán tarmligthe i láthair ag cruinniú Shainghrúpa an Choiste Eorpaigh um Urrúis an 21 Meán Fómhair 2023, agus ní bhfuarthas aon bharúil.

haghaidh CTPanna a ríomh ar leithligh chun na táillí maoirseachta le haghaidh socruithe formheasta maidir le foilsiú/sásraí tuairiscithe formheasta agus le haghaidh CTPanna a ríomh de bhun Airteagal 3 agus Airteagal 3a faoi seach, déantar foráil maidir leis sin cheana féin sa Ghníomh Tarmligthe.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

- Soiléirítear in Airteagal 1(1) go bhfuil feidhm ag Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/930 ón gCoimisiún maidir le gach soláthraí seirbhísí tuairiscithe sonraí atá faoi réir mhaoirseacht ESMA, lena n-áirítear CTPanna.
- Sonraítear in Airteagal 1(2) gur cheart na táillí a ghearrtar ar sholáthraithe seirbhísí tuairiscithe sonraí na costais mhaoirseachta dhíreacha agus indíreacha a chumhdach ina n-iomláine.
- Le hAirteagal 1(3) tugtar isteach táille údaraithe sheasta is infheidhme maidir le CTPanna. Tugtar isteach leis freisin leasuithe ar tháillí maoirseachta le haghaidh socruithe formheasta maidir le foilsiú agus sásraí tuairiscithe formheasta, chun comhsheasmhacht a áirithiú le rialacha maidir le táillí maoirseachta is infheidhme maidir le heintitis eile faoi mhaoirseacht ESMA agus chun a shonrú conas táillí maoirseachta a ríomh le haghaidh na bliana ina n-aistrítear maoirseacht ar shocrú formheasta maidir le foilsiú ar leith nó ar shásra tuairiscithe formheasta ar leith chuig ESMA, i gcomhréir le hAirteagal 1(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/466 ón gCoimisiún.
- Le hAirteagal 1(4) tugtar isteach airteagal nua maidir leis an táille mhaoirseachta bhliantúil is infheidhme maidir le CTPanna, lena n-áirítear táille sheasta i gcomhair na gcéad bhlianta d’oibriú na CTPanna.
- Le hAirteagal 1(5) tugtar isteach an mhodheolaíocht atá le húsáid chun ioncam CTPanna a ríomh.
- Le hAirteagal 2, leagtar amach dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin Tharmligthe seo.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 7.5.2025**

**lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/930 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le táillí a bhaineann leis an maoirseacht a dhéanann an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí ar sholáthraithe teilitéipe comhdhlúite**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012[7], agus go háirithe Airteagal 38n(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/930 ón gCoimisiún[8], sonraítear na táillí a bhaineann leis an maoirseacht a dhéanann an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí ar sholáthraithe seirbhísí tuairiscithe sonraí. Bhí raon feidhme an Rialacháin Tharmligthe sin teoranta do shocruithe formheasta maidir le foilsiú agus do shásraí tuairiscithe formheasta atá faoi réir mhaoirseacht ESMA. Le raon feidhme an Rialacháin Tharmligthe sin, níor cumhdaíodh soláthraithe seirbhísí tuairiscithe sonraí eile atá faoi réir mhaoirseacht ESMA, lena n-áirítear soláthraithe teilitéipe comhdhlúite (‘CTPanna’). Bhí an raon feidhme sin teoranta mar gheall nach raibh soláthraithe seirbhísí tuairiscithe sonraí ag soláthar seirbhísí teilitéipe comhdhlúite san Aontas agus mar gheall ar an athbhreithniú a bhí ar feitheamh le Rialachán (AE) Uimh. 600/2014, a leasaíodh le Rialachán (AE) 2024/791 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9] (‘athchóiriú MiFIR’). Tháinig athchóiriú MiFIR i bhfeidhm an 28 Márta 2024.

(2) Le hathchóiriú MiFIR, cuireadh deireadh leis na bacainní a bhí ar theacht chun cinn CTPanna san Aontas agus leagadh síos amlíne le haghaidh ESMA chun CTP le haghaidh bannaí, CTP le haghaidh scaireanna agus cistí arna dtrádáil ar an malartán agus CTP le haghaidh díorthaigh thar an gcuntar a roghnú agus a údarú. I bhfianaise an phróisis údaraithe CTP atá ar na bacáin, is gá raon feidhme Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/930 ón gCoimisiún a leasú chun a áirithiú go gcumhdófar leis gach

[7] IO L 173, 12.6.2014, lch. 84.

[8] Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/930 ón gCoimisiún an 10 Márta 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí tháillí a bhaineann le maoirseacht ag an Údarás Eorpach um Margaí Urrús ar sholáthraithe seirbhísí tuairiscithe sonraí (IO L 162, 17.6.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2022/930/oj).

[9] Rialachán (AE) 2024/791 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Feabhra 2024 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 a mhéid a bhaineann le trédhearcacht sonraí a fheabhsú, le deireadh a chur le bacainní atá ar theacht chun cinn teilitéipeanna comhdhlúite, na ceanglais trádála a bharrfheabhsú agus toirmeasc a chur ar íocaíocht a fháil i leith sreabhadh orduithe (IO L, 2024/791, 8.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/791/oj)

soláthraí seirbhísí tuairiscithe sonraí atá faoi réir mhaoirseacht ESMA, lena n-áirítear CTPanna.

(3) Ba cheart táille údaraithe sheasta agus táille mhaoirseachta bhliantúil a bheith i gceist leis na táillí maoirseachta le haghaidh CTPanna, d'fhonn na costais uile a bhaineann leis na cúraimí atá nasctha lena n-údarú agus lena maoirseacht leanúnach a chumhdach. Ní údaraítear CTPanna ach amháin nuair a roghnaítear iad i nós imeachta roghnúcháin iomaíoch arna eagrú ag ESMA i gcomhréir le hAirteagail 27da agus 27db de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014. Mar thoradh air sin, nuair a dhéanfaidh CTPanna iarratas ar údarú, beidh caidreamh bunaithe acu cheana féin le ESMA agus dá bhrí sin níor cheart táille iarratais ar leithligh a ghearradh orthu.

(4) Leis an táille mhaoirseachta bhliantúil a ghearrann ESMA ar CTPanna, ba cheart, mar riail ghinearálta, gach gníomhaíocht a dhéantar i dtaca lena maoirseacht a chumhdach. Chun na críche sin, gach bliain, ba cheart do ESMA measúnú a dhéanamh ar na costais mhaoirseachta dhíreacha agus indíreacha i ndáil le CTPanna, lena n-áirítear an costas d'fhoireann ESMA a leithdháiltear go díreach ar chúraimí maoirseachta agus costas na seirbhísí cothrománacha, amhail an costas a bhaineann leis an tacaíocht oibríochtúil agus riaracháin a sholáthraítear do bhaill foirne a bhfuil baint dhíreach acu le cúraimí maoirseachta. Le measúnú den sórt sin, ba cheart é a bheith ar a chumas do ESMA táille a ghearradh ar gach CTP aonair, táille lena gcumhdaítear na costais sin agus atá comhréireach lena ioncam i gcomparáid le hioncam iomlán gach CTP. Ioncam CTP a bhaineann le gníomhaíochtaí atá coimhdeach go díreach le croísheirbhísí, ba cheart é sin a chumhdach i ríomh an láimhdeachais is infheidhme más dócha go mbeidh tionchar ag maoirseacht ESMA ar an CTP sin agus mura gcumhdaítear é cheana le gníomhaíochtaí maoirseachta ar leithligh. Chun teacht le costais mhaoirseachta mheasta ESMA, ba cheart na táillí maoirseachta bliantúla a choigeartú gach bliain. Ba cheart táillí maidir le gníomhaíochtaí maoirseachta ESMA a dhéantar i ndáil le CTPanna a shocrú ar leibhéal lena seachnófaí easnamh nó carnadh mór barrachais. I gcás inarb ann do bharrachas nó d'easnamh athfhillteach, ba cheart leibhéal na dtáillí a athbhreithniú.

(5) Ceanglaítear le hAirteagal 3(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/930 ón gCoimisiún go bhfuil an táille mhaoirseachta bhliantúil le haghaidh soláthraí seirbhísí tuairiscithe sonraí ar leith i mbliain áirithe (n) le cinneadh ar bhonn a láimhdeachais is infheidhme. Tá an láimhdeachas is infheidhme sin le ríomh i gcomhréir le hAirteagal 4 den Rialachán Tarmligthe sin, lena gceanglaítear, mar riail, go bhfuil an láimhdeachas is infheidhme le ríomh ar bhonn chuntais iniúchta an tsoláthraí seirbhísí tuairiscithe sonraí sin le haghaidh na bliana (n-2). I gcás CTPanna a bheidh ag soláthar seirbhísí den chéad uair, ní bheidh aon sonraí láimhdeachais iontaofa is infheidhme ann chun an táille mhaoirseachta bhliantúil a ríomh sa chéad 2 bhliain oibríochta. Dá bhrí sin, tá gá le córas speisialta le haghaidh na tréimhse sin, córas atá bunaithe ar tháille mhaoirseachta bhliantúil sheasta. Chun cruthú bacainní ar iontráil sa mhargadh a chosc agus chun comhréireacht a áirithiú, agus meastachán ar an gcaiteachas is gá chun na cúraimí maoirseachta a bhaineann le CTPanna a dhéanamh á léiriú, ba cheart an táille sheasta sin a shocrú ag EUR 400 000. Sa chéad bhliain oibríochta, ba cheart an táille sin a chur i bhfeidhm ar bhonn *pro rata*.

(6) Ba cheart idirdhealú a dhéanamh idir CTPanna a chuireann tús le hoibríochtaí sa chéad leath den bhliain agus CTPanna a chuireann tús le hoibríochtaí sa dara leath den bhliain. I gcás CTPanna a chuireann tús le hoibríochtaí sa chéad leath den bhliain, sa bhliain oibríochta sin, ba cheart an táille mhaoirseachta bhliantúil a chinneadh ar bhonn chur i bhfeidhm *pro rata* na táille maoirseachta bliantúla seasta. Sa dara bliain,

ba cheart do na CTPanna sin méid iomlán na táille maoirseachta bliantúla seasta a íoc. Ón tríú bliain ar aghaidh, níor cheart na CTPanna sin a bheith faoi réir an chórais speisialta a thuilleadh agus, dá bhrí sin, ba cheart dóibh an ghnáth-tháille mhaoirseachta bhliantúil a íoc. I gcás CTPanna a chuireann tús le hoibríochtaí sa dara leath den bhliain, sa bhliain oibríochta sin, ba cheart an táille mhaoirseachta bhliantúil a chinneadh ar bhonn chur i bhfeidhm *pro rata* na táille maoirseachta bliantúla seasta. Sa dara agus sa tríú bliain, ba cheart do na CTPanna sin méid iomlán na táille maoirseachta bliantúla seasta a íoc. Is gá an córas speisialta do na CTPanna sin a shíneadh go dtí an tríú bliain ós rud é gur dócha nach n-oibreoidh siad ach ar feadh tréimhse an-teoranta sa chéad bhliain. Ón gceathrú bliain ar aghaidh, níor cheart na CTPanna sin a bheith faoi réir an chórais speisialta a thuilleadh agus, dá bhrí sin, ba cheart dóibh an ghnáth-tháille mhaoirseachta bhliantúil a íoc.

(7) Le haghaidh na tréimhse idir dáta údaraithe CTP agus an dáta a thiocfaidh an CTP sin chun bheith oibríochtúil, i gcás nach ionann na dátaí sin, ba cheart don CTP táille mhaoirseachta a íoc ar bhonn chur i bhfeidhm *pro rata* na táille údaraithe seasta chun na costais arna dtabhú ag ESMA trí na nithe seo a leanas a dhéanamh a chumhdach: (i) maoirseacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí ullmhúcháin an CTP le linn na tréimhse sin, go háirithe chun a áirithiú go gcuirfear socruithe conarthacha iomchuí agus comhéadain dhigiteacha éifeachtacha i bhfeidhm le rannchuiditheoirí sonraí, (ii) faireachán agus stiúradh a dhéanamh ar chur chun feidhme tráthúil na bhfeidhmiúlachtaí ábhartha ionghabhála sonraí agus infhaighteachta sonraí ag an CTP, (iii) measúnú a dhéanamh ar ullmhacht theicniúil an CTP, agus (iv) faireachán a dhéanamh ar ionduchtú na bpáirtithe uile lena mbaineann agus ar a gcuid sonraí.

(8) Níor cheart feidhm a bheith ag an gcóras speisialta atá bunaithe ar tháille mhaoirseachta bhliantúil sheasta maidir le CTPanna a thairgeann seirbhísí CTPanna cheana féin don aicme sócmhainní chéanna agus a roghnaítear le haghaidh na haicme sócmhainní sin go ceann 5 bliana eile.

(9) I gcás ina bhfuil CTP amháin ar a laghad faoi réir an chórais speisialta atá bunaithe ar tháille mhaoirseachta bhliantúil sheasta agus nach bhfuil CTP amháin eile ar a laghad faoi réir an chórais speisialta sin a thuilleadh, ní féidir an mhodheolaíocht chun táillí maoirseachta bliantúla a ríomh ar bhonn an láimhdeachais is infheidhme a úsáid. Is gá, dá bhrí sin, modheolaíocht a leagan síos chun an táille mhaoirseachta bhliantúil a chinneadh le haghaidh gach ceann de na CTPanna nach bhfuil faoin gcóras speisialta sin a thuilleadh, modheolaíocht nár cheart a chur san áireamh léi ach an caiteachas measta a eascraíonn as gníomhaíochtaí maoirseachta maidir leis na CTPanna sin agus a láimhdeachas is infheidhme.

(10) Chun a áirithiú go ndéanfar láimhdeachas is infheidhme na soláthraithe seirbhísí tuairiscithe sonraí a ríomh ar bhealach comhchuibhithe, ba cheart do ESMA ioncaim na soláthraithe seirbhísí tuairiscithe sonraí a shloinntear in airgeadra seachas an euro a chomhshó go euro. Chun na críche sin, ba cheart do ESMA ráta tagartha oifigiúil arna fhoilsiú ag an mBanc Ceannais Eorpach a úsáid.

(11) I gcásanna ina dtiocfaidh socrú formheasta maidir le foilsiú ar leith nó sásra tuairiscithe formheasta ar leith faoi réir mhaoirseacht ESMA tar éis an athmheasúnaithe dá dtagraítear in Airteagal 1(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/466 ón gCoimisiún[10], is gá an mhodheolaíocht, atá le húsáid chun an táille

---

[10] Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/466 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí chritéir a shonrú le haghaidh mhaolú an phrionsabail gurb é an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí a dhéanfaidh maoirseacht ar

mhaoirseachta bhliantúil a ríomh le haghaidh na bliana ina dtiocfaidh an socrú formheasta maidir le foilsiú nó an sásra tuairiscithe formheasta faoi réir mhaoirseacht ESMA, a shonrú.

(12) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/930 ón gCoimisiún a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/930**

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/930 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

‘Airteagal 1

**Raon feidhme**

Beidh feidhm ag an Rialachán Tarmligthe seo maidir le ‘soláthraithe seirbhísí tuairiscithe sonraí’, mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (36a), de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014, atá faoi réir mhaoirseacht ESMA.’;

(2) Cuirtear isteach an tAirteagal 1a seo a leanas:

‘Airteagal 1a

**Aisghabháil costas maoirseachta ina n-iomlán**

Cumhdófar an méid seo a leanas leis na táillí a ghearrfar ar sholáthraithe seirbhísí tuairiscithe sonraí:

(a) na costais dhíreacha agus indíreacha uile a bhaineann le húdarú agus maoirseacht soláthraithe seirbhísí tuairiscithe sonraí ag ESMA i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 600/2014;

(b) na costais uile a bhaineann le haisíocaíocht na n-údarás inniúil a rinne obair de bhun Rialachán (AE) Uimh. 600/2014, go háirithe mar thoradh ar aon tarmligean cúraimí i gcomhréir le hAirteagal 38o den Rialachán sin.’;

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagail 2 agus 3:

‘Airteagal 2

**Táillí iarratais agus údaraithe**

I gcás ina ndéanann soláthraí seirbhísí tuairiscithe sonraí iarratas ar údarú chun seirbhísí tuairiscithe a sholáthar, íocfaidh sé an méid seo a leanas:

(a) i gcás socruithe formheasta maidir le foilsiú agus sásraí tuairiscithe formheasta, táille iarratais EUR 20 000 le haghaidh an chéad iarratais agus EUR 10 000 le haghaidh gach iarratais ina dhiaidh sin ar údarú maidir le seirbhísí breise tuairiscithe sonraí;

(b) i gcás socruithe formheasta maidir le foilsiú agus sásraí tuairiscithe formheasta, táille údaraithe EUR 80 000 le haghaidh an chéad údaraithe

---

shocruithe formheasta maidir le foilsiú agus ar shásraí tuairiscithe formheasta (IO L 96, 24.3.2022, lch. 1). ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2022/466/oj.

agus EUR 40 000 le haghaidh gach údaraithe ina dhiaidh sin maidir le seirbhísí breise tuairiscithe sonraí;

(c) i gcás CTPanna, táille údaraithe EUR 100 000 le haghaidh an chéad údaraithe agus EUR 50 000 le haghaidh gach údaraithe ina dhiaidh sin maidir le seirbhísí breise tuairiscithe sonraí.

‘Airteagal 3

**Táillí maoirseachta bliantúla le haghaidh socruithe formheasta maidir le foilsiú agus sásraí tuairiscithe formheasta**

1. Gearrfar táille mhaoirseachta bhliantúil ar shocruithe formheasta maidir le foilsiú agus ar shásraí tuairiscithe formheasta atá faoi réir mhaoirseacht ESMA.

2. Déanfar an táille mhaoirseachta bhliantúil iomlán agus an táille mhaoirseachta bhliantúil le haghaidh socrú formheasta maidir le foilsiú áirithe nó sásra tuairiscithe formheasta áirithe a ríomh mar a leanas:

(a) is é a bheidh sa táille mhaoirseachta bhliantúil iomlán le haghaidh bliain áirithe (n) meastachán ar an gcaiteachas a bhaineann leis an maoirseacht ar ghníomhaíochtaí socruithe formheasta maidir le foilsiú agus sásraí tuairiscithe formheasta faoi Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 mar a áirítear i mbuiséad ESMA don bhliain sin;

(b) is é a bheidh i dtáille mhaoirseachta bhliantúil i ndáil le socrú formheasta maidir le foilsiú nó sásra tuairiscithe formheasta le haghaidh bliain áirithe (n) an táille mhaoirseachta iomlán arna gcinneadh de bhun phointe (a) arna roinnt idir na socruithe formheasta maidir le foilsiú uile agus na sásraí tuairiscithe formheasta uile arna n-údarú i mbliain (n), i gcoibhneas lena láimhdeachas is infheidhme arna ríomh de bhun Airteagal 4.

3. I gcás ar bith, ní íocfaidh socrú formheasta maidir le foilsiú nó sásra tuairiscithe formheasta arna údarú ag ESMA táille mhaoirseachta bhliantúil is lú ná EUR 30 000.

I gcás ina bhfuil socrú formheasta maidir le foilsiú nó sásra tuairiscithe formheasta faoi réir táillí maoirseachta íosta maidir le níos mó na seirbhís tuairiscithe sonraí amháin, íocfaidh sé an táille mhaoirseachta íosta as gach seirbhís a chuirtear ar fáil.

4. De mhaolú ar mhíreanna 2 agus 3, agus gan dochar d’Airteagal 2, beidh táille na chéad bliana le haghaidh socruithe formheasta maidir le foilsiú nó sásraí tuairiscithe formheasta cothrom le méid na táille údaraithe dá dtagraítear in Airteagal 2(1), pointe (b), arna iolrú faoi fhachtóir atá cothrom leis na laethanta idir an t-údarú agus deireadh na bliana, arna roinnt ar an líon iomlán laethanta sa bhliain sin. Dá bhrí sin, ríomhfar táille mhaoirseachta bhliantúil na chéad bliana mar a leanas:

Táille na chéad bliana le haghaidh soláthraí seirbhísí tuairiscithe sonraí = Táille údaraithe * Comhéifeacht

$$\text{Comhéifeacht} = \frac{An\ líon\ laethanta\ féilire\ \text{ó}\ dháta\ an\ \text{údaraithe}\ go\ dtí\ an\ 31\ Nollaig}{An\ líon\ laethanta\ féilire\ i\ mbliain\ (n)}$$

I gcás socrú formheasta maidir le foilsiú nó sásra tuairiscithe formheasta a údaraítear le linn mhí na Nollag, ní íocfaidh sé táille mhaoirseachta na chéad bliana.

5. De mhaolú ar mhíreanna 2 agus 3, i gcás inarb é a thagann as an athmheasúnú dá dtagraítear in Airteagal 1(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/466 maolú ar mhaoirseacht ESMA ar shocrú formheasta maidir le foilsiú nó ar shásra tuairiscithe formheasta, maidir leis an táille bhliantúil mhaoirseachta le haghaidh na bliana ina mbeidh feidhm ag an maolú, déanfar í a ríomh le haghaidh na 5 mhí sa bhliain sin, agus le haghaidh na 5 mhí sin amháin, ar lena linn a leanfaidh ESMA de bheith ina mhaoirseoir ar an socrú formheasta maidir le foilsiú nó ar an sásra tuairiscithe formheasta i gcomhréir le hAirteagal 1(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/466.

6. De mhaolú ar mhíreanna 2 agus 3, i gcás inarb é a thagann as an athmheasúnú dá dtagraítear in Airteagal 1(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/466 maoirseacht ESMA ar shocrú formheasta maidir le foilsiú nó ar shásra tuairiscithe formheasta, maidir leis an táille bhliantúil mhaoirseachta le haghaidh na bliana ina thosóidh feidhm a bheith ag an maolú, déanfar í a ríomh le haghaidh na 7 mí sa bhliain sin, agus le haghaidh na 7 mhí sin amháin, ar lena linn arb é ESMA ina mhaoirseoir ar an socrú formheasta maidir le foilsiú nó ar an sásra tuairiscithe formheasta i gcomhréir le hAirteagal 1(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/466.';

(4) Cuirtear isteach an tAirteagal 3a seo a leanas:

'Airteagal 3a

**Táillí maoirseachta bliantúla le haghaidh CTPanna**

1. Gearrfar táille mhaoirseachta bhliantúil ar CTP atá faoi réir mhaoirseacht ESMA.

2. Déanfar an táille mhaoirseachta bhliantúil iomlán agus an táille mhaoirseachta bhliantúil ar gach CTP aonair a ríomh mar a leanas:

(a) is é a bheidh sa táille bhliantúil iomlán le haghaidh bliain áirithe (n) meastachán ar an gcaiteachas a bhaineann leis an maoirseacht ar ghníomhaíochtaí na CTPanna faoi Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 mar a áirítear i mbuiséad ESMA don bhliain sin;

(b) is é a bheidh sa táille mhaoirseachta bhliantúil maidir le CTP sonrach i mbliain áirithe (n) an táille mhaoirseachta bhliantúil iomlán maidir le gach CTP arna ríomh i gcomhréir le pointe (a) arna roinnt idir gach CTP arna n-údarú i mbliain (n), i gcomhréir lena láimhdeachas is infheidhme arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 4.

3. De mhaolú ar mhír 2, i gcás ina dtiocfaidh CTP chun bheith oibríochtúil roimh an 1 Iúil i mbliain áirithe (n), ríomhfar an táille mhaoirseachta bhliantúil le haghaidh an CTP sin le haghaidh na mblianta (n) agus (n+1) mar a leanas:

(a) maidir le bliain (n), beidh feidhm ag míreanna (4) agus (5);

(b) maidir le bliain (n+1), is é EUR 400 000 a bheidh sa táille mhaoirseachta bhliantúil.

De mhaolú ar mhír 2, i gcás ina dtiocfaidh CTP chun bheith oibríochtúil an 1 Iúil i mbliain áirithe (n) nó ina dhiaidh sin, ríomhfar an táille mhaoirseachta bhliantúil le haghaidh na mblianta (n), (n+1) agus (n+2) mar a leanas:

(a) maidir le bliain (n), beidh feidhm ag míreanna (4) agus (5);

(b) maidir le blianta (n+1) agus (n+2), is é EUR 400 000 a bheidh sa táille mhaoirseachta bhliantúil le haghaidh gach bliana.

Measfar go mbeidh CTP oibríochtúil lá an údaraithe arna dheonú ag ESMA de bhun Airteagal 27db de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 nó ar an lá tar éis dhul in éag na hidirthréimhse dá dtagraítear in Airteagal 27db(4) de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014, i gcás ina ndeonaíonn ESMA an idirthréimhse sin.

4. Beidh an táille mhaoirseachta bhliantúil le haghaidh na bliana (n) dá dtagraítear i mír 3 cothrom le méid na táille maoirseachta bliantúla EUR 400 000 arna iolrú faoi fhachtóir atá cothrom leis na laethanta idir an lá a thiocfaidh CTP chun bheith oibríochtúil agus deireadh na bliana (n), arna roinnt ar líon iomlán na laethanta sa bhliain sin. Dá bhrí sin, ríomhfar an táille mhaoirseachta bhliantúil mar a leanas:

Táille CTP le haghaidh na bliana (n) = EUR 400 000 * Comhéifeacht

$$\text{Comhéifeacht} = \frac{\textit{An líon laethanta féilire ón dáta a thiocfaidh CTP chun bheith oibríochtúil go dtí an 31 Nollaig de bhliain } (n)}{\textit{An líon laethanta féilire i mbliain } (n)}$$

5. Gan dochar d'Airteagal 2, i gcás ina mbeidh idirthréimhse deonaithe ag ESMA do CTP de bhun Airteagal 27db(4) de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014, áireofar leis an táille mhaoirseachta bhliantúil le haghaidh na bliana (n) táille le haghaidh na laethanta idir lá an údaraithe agus an lá a thiocfaidh CTP chun bheith oibríochtúil. Beidh an táille sin cothrom le méid na táille údaraithe dá dtagraítear in Airteagal 2, pointe (c), arna iolrú faoi fhachtóir atá cothrom leis na laethanta idir lá an údaraithe agus an lá a thiocfaidh CTP chun bheith oibríochtúil, arna roinnt ar líon iomlán na laethanta i mbliain (n). Dá bhrí sin, ríomhfar an táille mar a leanas:

Táille CTP le haghaidh na laethanta idir an t-údarú agus an lá a thiocfaidh CTP chun bheith oibríochtúil = Táille údaraithe * Comhéifeacht

$$\text{Comhéifeacht} = \frac{\textit{An líon laethanta féilire ón dáta a údaraítear CTP go dtí an dáta a thiocfaidh CTP chun bheith oibríochtúil}}{\textit{An líon laethanta féilire i mbliain } (n)}$$

6. De mhaolú ar mhír 2, i gcás ina ríomhfar an táille mhaoirseachta bhliantúil le haghaidh CTP amháin ar a laghad i gcomhréir le mír 3 agus nach ríomhfar an táille mhaoirseachta bhliantúil le haghaidh CTP amháin eile ar a laghad i gcomhréir leis an mír sin, déanfar an táille mhaoirseachta bhliantúil le haghaidh an CTP eile sin nó le haghaidh na CTPanna eile sin a ríomh mar a leanas:

(a) is é a bheidh sa táille bhliantúil iomlán le haghaidh bliain áirithe (n) meastachán ar an gcaiteachas a bhaineann leis an maoirseacht ar ghníomhaíochtaí faoi Rialachán (AE) Uimh. 600/2014, gníomhaíochtaí na CTPanna uile nach ríomhtar a dtáillí maoirseachta bliantúla i gcomhréir le mír 3, mar a áirítear i mbuiséad ESMA le haghaidh na bliana sin;

(b) is é a bheidh sa táille mhaoirseachta bhliantúil maidir le CTP sonrach i mbliain áirithe (n) an táille mhaoirseachta bhliantúil iomlán maidir le gach CTP arna ríomh i gcomhréir le pointe (a) arna roinnt idir gach CTP arna n-údarú i mbliain (n) nach ríomhtar a dtáillí maoirseachta bliantúla i

gcomhréir le mír 3, i gcomhréir lena láimhdeachas is infheidhme arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 4.';

(5) Leasaítear Airteagal 4 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear isteach na pointí (e) agus (f) seo a leanas:

'(e) ioncam a ghintear as seirbhísí CTP;

(f) ioncam a ghintear as sheirbhísí coimhdeacha le haghaidh seirbhísí CTP.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Is é a bheidh i láimhdeachas is infheidhme an tsoláthraí seirbhísí tuairiscithe sonraí le haghaidh bliain áirithe (n) suim na nithe seo a leanas:

(a) ioncam an tsoláthraí a ghintear as na príomhfheidhmeanna a bhaineann le seirbhísí sásra tuairiscithe formheasta, seirbhísí socraithe formheasta maidir le foilsiú nó seirbhísí a sholáthar ar bhonn chuntais iniúchta na bliana (n-2), nó, i gcás nach bhfuil na cuntais iniúchta sin ar fáil go fóill, ar bhonn chuntais na bliana roimhe sin (n-3) agus

(b) ioncam is infheidhme an tsoláthraí as seirbhísí coimhdeacha ar bhonn chuntais iniúchta na bliana (n-2) nó, i gcás nach bhfuil na cuntais iniúchta sin ar fáil go fóill, ar bhonn chuntais na bliana roimhe sin (n-3),

arna roinnt ar shuim na nithe seo a leanas:

(c) ioncam iomlán na sásraí tuairiscithe formheasta, na socruithe formheasta maidir le foilsiú nó na CTPanna údaraithe uile a ghintear as príomhfheidhmeanna maidir le seirbhísí sásra tuairiscithe formheasta, socraithe formheasta maidir le foilsiú nó CTP a sholáthar ar bhonn an chuntais iniúchta le linn na bliana (n-2) nó, i gcás nach bhfuil na cuntais iniúchta sin ar fáil go fóill, ar bhonn chuntais na bliana roimhe sin (n-3) agus

(d) an t-ioncam iomlán is infheidhme as seirbhísí coimhdeacha na sásraí tuairiscithe formheasta, na socruithe formheasta maidir le foilsiú nó na CTPanna uile ar bhonn chuntais iniúchta na bliana (n-2) nó, i gcás nach bhfuil na cuntais iniúchta sin ar fáil go fóill, ar bhonn chuntais na bliana roimhe sin (n-3).';

(c) cuirtear an mhír 5 seo a leanas isteach:

'5. I gcás ina dtuairisceofar an t-ioncam dá dtagraítear i mír 1 in airgeadra eile seachas an euro, déanfaidh ESMA an t-ioncam sin a chomhshó go euro trí úsáid a bhaint as an meánráta malairte eachtraí euro is infheidhme maidir leis an tréimhse inar taifeadadh an t-ioncam.

Chun na críche sin, úsáidfidh ESMA an ráta tagartha malairte eachtraí euro arna fhoilsiú ag an mBanc Ceannais Eorpach.'.

*Airteagal 2*
**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 7.5.2025

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*